# AN ROINN OIDEACHAIS

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT

# SIOLLABAS NA FRAINCISE

(ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL

# NA CLÁRACHA ARDTEISTIMÉIREACHTA

## Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is í an aidhm ghinearálta atá leis an oideachas ná cabhrú leis an bhforbairt maidir le gach gné den phearsa ar a bhfuil an ghné aestéiticiúil, an ghné chruthaitheach, an ghné léirmheastóireachta, an ghné chultúrtha, an ghné mhaoithneach, an ghné thromchiallach, an ghné intleachtach, an ghné a bhaineann leis an saol pearsanta agus leis an saol baile, an ghné le haghaidh saothraithe saoil agus le haghaidh cónaithe sa phobal agus an ghné le haghaidh fóillíochta.

2. Cé go mbaineann an aidhm ghinearálta sin le cláracha na hArdteistiméireacht, cuirtear béim ar leith ar ullmhúchán mac léinn maidir leis na riachtanais a bhaineann le hoideachas breise nó le hoiliúint, maidir le fostaíocht agus leis an ról a bheidh i ndán dóibh mar shaoránaigh rannpháirtithe, fiontraíochta.

3. Tá sé de chuspóir ag na cláracha uile Ardteistiméireachta leanúnachas agus forchéimniú ó chláracha an Teastais Shóisearaigh a chur ar fáil agus ag an am céanna aire a thabairt don gcothromaíocht idir forbairt phearsanta agus shóisialta (forbairt spioradáltachta agus mhóráltachta san áireamh), don cheardstaidéar, don ullmhúchán le haghaidh oideachais sa bhreis agus don saol fásta is saothraithe. An meáchan coibhneasta a thugtar do na gnéithe sin,braitheann sé ar an gclár ar leith a thoghtar.

4. Na cláracha a mbaineann an cháilíocht Ardteistiméireachta leo, cuirtear ar fáil iad i dtrí mhodh:

   (i) Ardteistiméireacht
   (ii) Ardteistiméireacht Fheidhmeach
   (iii) Gairmchlár Ardteistiméireachta

5. Cuireann na cláracha uile Ardteistiméireachta an bhéim ar an dtábhacht a bhaineann :

- le féinteagasc agus le machnamh neamhspleách
- le hanam an fhiosrúcháin, le machnamh léirmheastach, le fadhbanna a réiteach, le féinchabhrach, le treallús agus le fiontraíocht
- le hullmhúchán maidir le hoideachas bhreise agus maidir leis an saol fásta saothraithe.

Arna leanúint taobh istigh den gcúlchlúdach

**A R D T E I S T I M É I R E A C H T**

**SIOLLABAS NA FRAINCISE**

**Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**

**Réamhrá**

## CREATLACH COMÓNTA SIOLLABAIS

Tá an Siollabas Fraincise don Ardteistiméireacht leagtha amach i gcomhthéacs creatlaigh chomónta siollabais le haghaidh an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis a mhúineadh agus a scrúdú. Tá ábhar an tsiollabais tógtha ar shiollabas an chiorcail shóisearaigh agus déanann sé a lán dá ghnéithe bunúsacha sin, ó thaobh aidhmeanna, cuspóirí agus ábhair de, a fhorbairt.

Siollabas "cumarsáideach" é sa mhéid go bhfuil sé bunaithe ar na cúiseanna is dóichí a mbeadh fonn ar fhoghlaimeoirí, nó a mbeadh sé riachtanach dóibh, nó gurb é a n-ionchas, leas a bhaint as ar bhailigh siad d'eolas agus de scileanna sa rang. Thairis sin tá sé cumarsáideach toisc gur i dtéarmaí úsáid teanga a shainítear na cuspóirí atá leagtha amach sa siollabas. Mar sin féin, níl sé "cumarsáideach" sa chiall chúng, .i. go bhfuil sé teoranta do chumarsáid ó bhéal le daoine. Ní amhlaidh ach an oiread atá sé in éadan teagaisc fhollasaigh faoin spriocteanga agus faoin gcultúr a ghabhann léi. Go deimhin, a mhalairt ar fad atá i gceist.

## STRUCHTÚR AN tSIOLLABAIS

Tá dhá phríomh-chomphàirt sa siollabas; na hAidhmeanna Ginearálta agus sraith de Chuspóirí mionchruinne Iompraíochta. Na Cuspóirí Iompraíochta a eascraíonn as na hAidhmeanna Ginearálta, tá siad foroinnte i dtrí chomhpháirt:
Bunoilteacht Chumarsáide, Feasacht Teanga agus Feasacht Chultúir.
Mar chríoch mínítear mionseoraí faoi mheasúnú faoin gceannteideal Measúnú. Dá bharr sin, seo an leagan amach atá ar an siollabas:

AIDHMEANNA GINEARÁLTA
CUSPÓIRÍ IOMPRAÍOCHTA
Bunoilteacht Chumarsáide
Feasacht Teanga
Feasacht Chultúir
MEASÚNÚ

Tá ábhar an tsiollabais ceaptha in aonaid Gníomhaíochtaí Ginearálta/Téamaí. Tá na Spriocanna Gníomhuithe socraithe chun cuidiú le múinteoirí agus leis an aos·foghlama scéimeanna oibre a cheapadh agus chun go mba soiléir do na foghlaimeoirí céard a bheadh á iarraidh orthu maidir le gach ceann de na Téamaí Ginearálta/Gníomhaíochtaí. Maidir le gníomhú na mac léinn a mheasúnú leagfar an bhéim ar scileanna teanga agus cumarsáide níos mó ná ar lomeolas ar a bhfuil d'ábhar in aon roinn ar leith den siollabas. I Roinn I, faoin gceannteideal Scileanna Teanga - Struchtúir agus Gramadach, mínítear cuid de na scileanna cumarsáide agus teanga ar a n-áirítear an t-eolas gramadúil a bheidh riachtanach do na mic léinn chun na Spriocanna Gníomhuithe a bhaint amach. Ar ndóigh tá na heiliminti seo sainiúil do gach teanga ar leith, agus cuireann siad tús le húsáid choincréatach a dhéanamh de chreatlach an tsiollabais sa rangsheomra.

Moltar tabhairt faoi na trí ranna móra ar mhodh comhtháite. In imeachtaí an rangsheomra ba chóir, oiread agus is féidir, níos mó ná ceann amháin de na ranna a ionramháil, mar shampla d'fhéadfadh ábhar barántúil a roghnófaí bheith ina lárphointe chun gnéithe áirithe de phéire ar bith de na ranna, nó na trí cinn, a láimhsiú. Cabhróidh a lán de na himeachtaí a luaitear faoin gceannteideal Feasacht Teanga le foghlaimeoirí chun na scileanna ollfhairsinge a bheadh riachtanach chun críche na ngníomhaíochtaí a luaitear faoi Bhunoilteacht Chumarsáide a shaothrú. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí a luaitear faoi Fheasacht Chultúir deis do na foghlaimeoirí na topaicí atá liostáilte faoi Bhunoilteacht Teanga a fhairsingiú, trí comparáidí a dhéanamh, samplaí a thabhairt, difríochtaí i slí mhaireachtála pobal éagsúla a rianú, agus mar sin de.

<u>BUNOILTEACHT CHUMARSÁIDE</u>

Is cuí ag an bpointe seo roinnt sonraí a thabhairt faoi ranna éagsúla na gCuspóirí Iompraíochta agus an bhaint atá acu le chéile. Bunoilteacht Chumarsáide atá mar theideal ar an gcéad roinn, an roinn is mó díobh. Tá an roinn seo á tógáil ar an taisce spriocanna cumarsáideacha a bunaíodh trí chlár an Chiorcail Shóisearaigh. Glactar leis, ar ndóigh, go gcothófar agus go n-athchleachtfar go rialta sa chiorcal sinsearach na

scileanna cumarsáide a foghlaimíodh sa chiorcal sóisearach. Na cuspóirí a luaitear i Roinn I tá siad ceangailte ar bhealach an-soiléir leis na riachtanais phraiticiúla a fhéadfadh bheith ar an bhfoghlaimeoir agus é ag feidhmiú i bpobal na sprioctheanga. Ar an taobh eile den scéal, aithneofar go bhfuil cuid mhaith de chuspóirí na roinne seo bainteach le gníomhaíochtaí agus díospóireachtaí a fhéadfadh éirí trí mheán na sprioctheanga sa rangsheomra.

**FEASACHT TEANGA**

Tagraíonn aidhmeanna shiollabais an Chiorcail Shóisearaigh go follasach d'Fheasacht Teanga agus Fheasacht Chultúir a chothú sna foghlaimeoirí. Déantar forbairt bhreise i siollabas na hArdteistiméireachta ar na gnéithe sin de shiollabas an Chiorcail Shóisearaigh.

Tá na cuspóirí atá luaite faoi na ceannteidil Feasacht Teanga agus Feasacht Chultúir fíorthábhachtach ó thaobh riachtanas cumarsáide an rangsheomra agus an "tsaoil mhóir", agus is é is intinn dóibh bheith ina dtaca láidir chun céim réasúnta cumais in oilteacht chumarsáide a bhaint amach. Ina theannta sin, áfach, téann siad go mór chun tairbhe don oideachas fairsing teanga, agus do na feidhmeanna atá ag foghlaim teanga chun múscailt chomhfheasa idirchultúrtha a spreagadh.

Má spreagtar feasacht an fhoghlaimeora faoi fheidhmiú na sprioctheanga, agus faoin gcaoi a ndeachaigh sé/sí féin i dteagmháil leis an teanga - rud is bunintinn leis na cuspóirí a luaitear i Roinn II (Feasacht Teanga) - bíonn an-tábhacht ag na nithe sin le úsáid éifeachtach na teanga a chothú. Tá sé cruthaithe ag an taighde gur luaithe a bhaintear amach cruinneas gramadaí agus foclóra, agus dá thoradh sin cumarsáid éifeachtach, má chothaítear an fheasacht seo i gcomhthéacs ábhar spéisiúil saibhir teanga a chur ar fáil. Cothaítear líofacht agus cruinneas trí bheith ag labhairt, ag léamh agus ag scríobh faoin sprioctheanga trí mheán na sprioctheanga. Maidir le cúrsaí oideachais teanga tá na cuspóirí a luaitear sa roinn ceaptha chun feasacht a fhorbairt, ní amháin faoi shraith gnéithe sa sprioctheanga ach, chomh maith leis sin, faoi ghnéithe

a mbeadh eolas ag an bhfoghlaimeoir. Sa tslí sin mhúsclófaí tuiscint, cuid áirithe, ar fheidhmiú teanga i gcoitinne. Is féidir brath air go bhfeabhsódh feasacht den chineál seo cumas an fhoghlaimeora chun leas fairsing a bhaint as an teanga.

Is léir go raibh míthuiscint áirithe ann maidir leis an "gcur chuige cumarsáideach" nárbh aon chabhair d'fhoghlaimeoirí, go mór mór an tuairim nach raibh tábhacht feasta le cruinneas agus tuiscint na gramadaí. Tá an siollabas seo ceaptha (go háirithe trí bhéim ar leith a chur ar fheasacht teanga) chun raon níos cothroime scileanna a shaothrú.

**NEAMHSPLEÁCHAS AN FHOGHLAIMEORA**

Tá a lán de na Spriocanna Gníomhuithe sa roinn Feasacht Teanga den siollabas seo dírithe chomh maith ar neamhspleáchas foghlama na mac léinn agus ar dheis níos fearr a sholáthar dóibh dea-thoradh a bhaint amach trí acmhainn a chruthú dóibh leanúint orthu ar a gconlán féin. Bíodh go n-aithnítear gur cabhair don aos teagaisc agus don aos foghlama go saineofaí go beacht cruinn ábhar an tsiollabais, glactar leis freisin nach mbeadh sé indéanta go luafaí go sonrach sa siollabas na focail agus na struchtúir go léir a chasfaí ar na foghlaimeoirí agus an sprioctheanga á húsáid acu. Mar sin ní mór d'fhoghlaimeoirí straitéisí cumarsáide a fhorbairt chun brí na bhfocal agus na struchtúr nár tharla dóibh cheana a aimsiú. Is cuid d'fhoghlaim éifeachtach teanga bheith in ann réimse straitéisí a bheartú chun teacht ar an mbrí - cosúil leis na cinn a luaitear sna Spriocanna Gníomhuithe sa roinn seo - mar shampla: eolas teangeolaíoch, eolas faoin gcomhthéacs agus faoin gcúlra agus a leithéid. Tugann na Spriocanna Gníomhuithe samplaí de na rudaí atá i gceist le Feasacht Teanga sa siollabas. Sna treoirlínte modheolaíochta gheofar a thuilleadh mínithe chomh maith le treoracha sonracha faoin ngné seo den siollabas a chur i bhfeidhm.

**FEASACHT CHULTÚIR**

Mar an gcéanna is féidir leis an gcomhpháirt úd de na Spriocanna Iompraíochta i Roinn III; FEASACHT CHULTÚIR, bheith an-áisiúil. Le go n-éireodh leis an gcumarsáid is minic go mbíonn sé fíor-riachtanach difríochtaí cultúir a chur san áireamh.

Má tharlaíonn an foghlaimeoir, nach cainteoir ó dhúchas é, bheith neamh-eolach ar phríomhphointí tagartha cultúir (sóisialta, polaitiúla, stairiúla agus eile) phobal na sprioctheanga, is léir gur féidir go mbeadh sin ina chonstaic ar an gcumarsáid freisin. Faoi mar atá i gcás na gcuspóirí i Roinn II tá bua eile fós ag na cuspóirí i Roinn III, gur dócha go mbeadh tionchar buntáisteach acu sa mhéid go spreagfaí "ábhar-theagasc" trí mheán na sprioctheanga. Is éard is intinn do na cuspóirí i Roinn III tacú leis an oideachas cultúrtha/idirchultúrtha i gcoitinne, rud a chruthaítear a thuilleadh toisc na cuspóirí sin bheith dírithe ní amháin ar phobal na sprioctheanga ach fós ar an mbaint atá acu le hÉirinn agus leis an saol in Éirinn. Ina theannta sin tá siad dírithe ní amháin ar chúrsaí cultúir iontu féin ach freisin ar limistéir lasmuigh de ranna cultúir. Sna treoirlínte múinteoireachta, mar chúnamh chun an chuid seo den siollabas a chur i bhfeidhm, tugtar mionléiriú ar straitéisí teagaisc agus foghlama atá bunaithe ar mhodheolaíocht chomparáideach.

**DIFRÍOCHT LEIBHÉIL**

Faoin gceannteideal MEASÚNÚ mínítear sonraí faoi ghnéithe na scrúdúchán. Níltear á rá in aon chor nach féidir le mic léinn an Ghnáthleibhéil tascanna uile an Ardleibhéil a chomhlíonadh, mar dhea go bhfuil coda áirithe den siollabas "mí-oiriúnach" don Ghnáthleibhéal. Aithnítear go bhfuil sé chomh riachtanach céanna do lucht an Ghnáthleibhéil bheith in ann cumarsáid fhóntach a dhéanamh taobh istigh de phobal na sprioctheanga agus atá sé do lucht an Ardleibhéil. Dá bhrí sin ní ann do Chuspóirí Iompraíochta atá gan tábhacht ag an nGnáthleibhéal. Mínítear faoin gceannteideal DIFRIÚ an cur chuige difriúil i gcás an dá leibhéal chun críche measúnuithe. Le siollabas comónta, áfach, tugtar aitheantas don chaoi a mbíonn an scéal i ndáiríre sa rangsheomra, óir ní ligfidh an tráthchlár i gcónaí an dá ghrúpa a roinnt don teagasc.

**Dáileadh Ama**

Tá sé i gceist go dtógfadh sé 180 uair an chloig ar a laghad sa dá bhliain chun ábhar an tsiollabais a theagasc. Má thugann an tráthchlár deis bheartaíochta ba chóir breis ama a dháileadh.

**Conclúid**

Is é aidhm an tsiollabais ceithre cinn de bhun-torthaí ar a n-eispéaras nuatheanga a fhoghlaim sa rangsheomra a sholáthar do gach dalta:

(a) Oilteacht Chumarsáide sa spriocthеanga

(b) Feasacht faoi theanga agus chumarsáid

(c) Tuiscint faoin dóigh le tabhairt faoi theanga iasachta a fhoghlaim

(d) Méid áirithe d'fheasacht chultúrtha

I dteannta a chéile freagraíonn na hAidhmeanna Ginearálta agus na Cuspóirí Iompraíochta (arna léiriú mar Ghníomhaíochtaí Ginearálta/Théamaí agus mar Spriocanna Gníomhuithe) don tuairim choitianta faoin scóp ba chóir a bheith in aon chlár nuatheangacha ag leibhéal sinsearach agus a bhféadfadh scrúdú Ardteistiméireachta a mheas go cuí.

## AIDHMEANNA GINEARÁLTA

Sa siollabas seo moltar na haidhmeanna ginearálta seo leanas le haghaidh nuatheangacha a theagasc agus a fhoghlaim sa chiorcal sinsearach.

1. An cineál scileanna cumarsáide sa sprioctheanga a chothú sna foghlaimeoirí a chuirfeadh ar a gcumas;

    - bheith lánpháirteach sna himeachtaí sa rangsheomra a chuirtear ar siúl tríd an sprioctheanga;

    - bheith rannpháirteach i ngnáthghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí laethúla, i gcaint agus i scríbhinn, sa bhaile agus i gcéin;

    - eolas agus taitneamh a bhaint as na hollmheáin chumarsáide agus as an gcuid is so-aimsithe de litríocht phobal na sprioctheanga;

    - sa mhéid gur réadúil é, féachaint le leas a bhaint as caitheamh aimsire, breis staidéir agus/nó deiseanna gairme trí mheán na sprioctheanga.

2. Tuiscint chriticiúil a thabhairt do na daltaí ar an gcaoi a n-eagraítear brí agus a gcuirtear in iúl í trí struchtúir agus fhoclóir na sprioctheanga, agus sa tslí sin cuidiú lena dtuiscint ar fheidhmiú na teanga daonna i gcoitinne.

3. Cuidiú le foghlaimeoirí straitéisí a cheapadh chun staidéar éifeachtach a dhéanamh ar theanga.

4. Léargas fairsing maidir le cúrsaí cultúir, sóisialta agus agus polaitíochta a sholáthar do na foghlaimeoirí ar ilghnéitheacht na dtíortha ina bhfuil an sprioctheanga ina gnáthmheán cumarsáide, agus mar sin cur lena dtuiscint ar éagsúlacht chultúrtha, shóisialta agus pholaitíochta i gcoitinne.

# C U S P Ó I R Í   I O M P R A Í O C H T A

## I   BUNOILTEACHT CHUMARSÁIDE

I.1 Gníomhaíocht Ghinearálta / Téama:

Bualadh le daoine agus aithne a chur orthu. Cothú caidrimh shóisialta.

**Spriocanna Gníomhuithe**

- Sonraí pearsanta a lorg agus a thabhairt, m. sh. ainm, seoladh, náisiúntacht, uimhir ghutháin.
- Fiafraí de dhuine cad iad na teangacha a labhraíonn sé/sí.
- Cad iad na teangacha a labhraíonn tú?
- Cúrsaí clainne agus teaghlaigh a phlé.
- Fiafraí de dhuine (cur síos a dhéanamh) faoi nádúr na háite nó an réigiúin ina gcónaíonn duine.
- Fiafraí de dhuine (cur síos a dhéanamh) faoi staidéar nó obair.
- Duine a chur in aithne do dhuine eile.
- Tuairisc duine a chur.
- Dea-mhéin a chur in iúl do dhuine.
- Tréaslú do dhuine.
- Duine a mholadh.
- Pardún a iarraidh ar dhuine.
- Leithscéal a ghabháil le duine.

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| . Feasacht faoi oiriúnacht réimis teanga a fhorbairt | tu/vous a úsáid. teanga fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta |
| . Ceartúsáid foirmeacha ceisteacha agus freagraí oiriúnacha | Foirmeacha ceisteacha a úsáid<br>. - est-ce que .....?<br>. briathar + ainmní a aisiompú<br>. tuin chainte a úsáid |

Nóta: D'fhonn sampla a thabhairt úsáidtear a fhoirm le "je" tríd síos. Ba cheart go mbeadh na daltaí in ann na foirmeacha tu/il/elle/on/nous/vous/ils/elles a úsáid chomh maith.

1.2 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Pleananna a dhéanamh agus gníomhartha sa todhchaí a phlé

Spriocanna Gníomhuithe:

- Tairiscint rud éigin a dhéanamh
- Intinn a fhógairt
- Geallúintí a thabharit
- Socruithe a dhéanamh m.sh. am a chaithfear le duine éigin
- Socruithe a chealú nó a athrú
- Fiafraí de dhuine faoina p(h)leananna breis ataidéir agus/nó faoina d(h)eiseanna gairme sa todhchaí
- Cuntas ar do phleananna féin le haghaidh breis staidéir agus/nó do dheiseanna gairme

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| . Máistreacht ar fhoirmeacha a thagraíonn don todhchaí | . Aimsir fháistineach a úsáid<br>. Aller + infinid a úsáid<br>. Dobhriathra agus ráiteachais dobhriathartha a úsáid, m.sh. du ... au...;<br>. l'année prochaine; d'abord, après, ensuite, enfin |
| . Céimeanna toilteanais agus rúin a chur in iúl de réir mar a oireann do chomhthéacsanne éagsúla | . m.sh. je veux bien; je refuse; si + aimsir láithreach/aimsir fháistineach si + neamhfhoirfe/coinníollach |
| . Cinntí/intinn a chur in iúl go dithneasach fórsúil mar a oireann don chás | . ráitis neamhphearsanta m.sh. il faut + infinid/qu'il est important de/que |
| . Cúis agus fáth a chur in iúl | . m.sh. afin de/que pour + infinid, agus mar sin de. |

I.3 Gniomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Faisnéis faoin aeráid agus faoin aimsir a thuiscint, a lorg agus a thabhairt

Spriocanna Gníomhuithe:

- Fiosrú a dhéanamh faoi, agus cuntas a thabhairt ar, an saghas aimsire a bhíonn de ghnáth i dtír nó i réigiún nó i gceantar áirithe.
- Úsáid a bhaint as na meáin chumarsáide, na seirbhísí guthái agus foinsí eile chun eolas a fháil faoin gcineál aimsire a bheidh ann tráth áirithe.
- Príomhphointí réamhaisnéise aimsire a chur i bhfios do dhuine eile.
- A fhiafraí an féidir imeachtaí áirithe (m.sh. sciáil, tiomáint, seoltóireacht, aerthaisteal, siúlóid, snámh) a eagrú faoi choinníollacha áirithe aimsire.

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| . Máistreacht ar raon fairsing foclóra ag baint le ráitis faoin aimsir. | m.sh. le ciel est couvert; il y aura des éclaircies |
| . Ábhar réamhaisnéise aimsire a insint i modh indíreach | Malartú ó ainmfhocal go briathar, m.sh. la pluie - il pleut/il va pleuvoir agus mar sin den<br><br>selon la météo ....<br>j'ai lu dans le journal que.... |
| . Máistreacht ar fhoclóir agus nathanna ag baint le tíortha agus gnéithe geograife | m.sh. en France; au Portugal; sur la côte... |

I.4 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Déileáil le cúrsaí taistil agus iompair

Spriocanna Gníomhuithe:

- Eolas na slí a lorg, na bealaí is fearr
- Treoracha a thabhairt
- Suíocháin, toilg, cábáin i dtraenacha, i mbusanna, i longa, in eitleáin, a áirithiú agus a éileamh.
- Saghasanna suíochán a shonrú (cois fuinneoige, cois pasáiste, do lucht caite tabac, do lucht staonta ó thobac.
- Áirithiú a ath-dheimhniú.
- Plé agus cinneadh faoi sheoraí slí.
- Fiosrú faoi áiseanna (deiseanna folctha, bia agus deoch).

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| · Faisnéis a thuiscint/ eolas gonta a thabhairt | Foirm cheisteach a úsáid, m.sh. Pourriez-vous m'indiquer ....? |
| | Modh ordaitheach a úsáid, mar shampla: Prenez/traversez/montez....! |
| | Úsáid a bhaint as an gclog 24-uair |
| · Rogha a chur in iúl | m.sh. Il vaut mieux prendre le train; compartiment/ siège non-fumeurs, s'il vous plaît. |
| | Breischéim agus sárchéim a úsáid, m.sh. Il serait moins cher de prendre le bus. |

I.5 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téarma:

Earraí agus seirbhísí a cheannach

Spriocanna Gníomhuithe:

- Úsáid a bhaint as na meáin chumarsáide, na seirbhísí guth※áin agus foinsí eile chun a fháil amach cá bhfuil fáil ar earraí agus ar sheirbhísí áirithe
- Airgead nó seiceana a mhalartú i mbainc nó i malartáin.
- Fiafraí faoi bhealaí íocaíocha (.i. an nglactar le seiceanna taistil, Eorasheiceanna cartaí creidmheasa)
- Seoraí faoi chartaí creidmheasa a thabhairt
- Focal a chur ar earraí nó ar sheirbhísí ar an nguthán
- Margaíocht faoi cheannach agus faoi fhruilcheannach
- Lascaine, aisíoc nó athsholáthar a lorg
- Moladh nó/agus cáineadh faoi chineál na n-earraí agus na seirbhísí.

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| . Déileáil le huimhreacha, ainmneacha, foirmeacha | m.sh. Seoraí faoi uimhir (méid) taille, pointure, agus eile |
| . Díchódú a dhéanamh ar fhoirmeacha giorraithe teanga, m.sh .i. peitites annonces | m.sh. vds = je vends; gd = grand; frs = francs |
| . Sástacht agus míshástacht a chur in iúl | m. sh. cela (ne) me convient (pas) |
| . Fiosrú, margaíocht, roghnú | Foirmeacha ceisteacha; nathanna le rogha a chur in iúl |
| . Difríochtaí idirchultúir a thabhairt faoi deara sa mhargaíocht. | m. sh. Est-ce qu'il y a un tarif étudiant? Pourriez-vous me faire un rabais? |

I.6 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Déileáil le hÉigeandála

Spriocana Gníomhuithe:

- Dul ar lorg cabhrach ó dhaoine sa chomharsanacht
- Leas a bhaint as an nguthán chun fios a chur ar na póilíní, ar chabhair leighis, ar lucht múchta tine, ar sheirbhísí deisiúcháin práinne.
- Cuntas a thabhairt faoi thionóisc, faoi chliseadh, faoi ghoid, faoi ionsaí.
- A iarraidh ar dhuine tú a chur i dteagmháil le hAmbasáid na hÉireann

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| . Cabhair a lorg | Au secours! Pourriez-vous m'aider, svp |
| . Céim phráinne a chur in iúl | Foirmeacha ordaitheacha, m.sh. venez vite; dépêchez-vous |
| . Idirdhealú idir chéimeanna práinne | Dobhriathra ama agus modh, m.sh. tout de suite; le plus vite possible |
| . Cuntas/tuairisc faoi rud a tharla san am a caitheadh a thabhairt, agus an sceicheamh ceart a leanúint. | Úsáid a bhaint as an passé composé, aimsir neamhfhoirfe, ollfhoirfe.<br><br>Úsáid a bhaint as:<br>. après avoir/être + ranngabháil chaite<br>. avant de + infinid<br>. avant que + foshuiteach<br>. en + ranngabháil láithreach<br>. pendant que<br><br>Il avait beaucoup plu, le camion roulait vite et il a dérapé sur la chaussée glissante |

I.7 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Beart a éascú, a mholadh nó a thoirmeasc

Spriocanna Gníomhuithe:

- Cead a lorg chun rud éigin a dhéanamh
- Moltaí a dhéanamh
- Comhairle a thairiscint
- Éileamh a dhéanamh
- Ordú a thabhairt do dhuine, nó a chrosadh air, rud éigin a dhéanamh

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| . Máistreacht ar na struchtúir atá riachtancah chun beart a éascú, agus a leithéid | Abairtí ceisteacha, m.sh. puis-je/peux-tu; Est-ce qu'il est possible de ..... Est-ce qu'on peut..... Vous permettez que ..... Foshuiteach a úsáid Foirmeacha séanta a úsáid |
| . Mothálacht a fhorbairt faoin mbealach cuí le sástacht/míshéastacht, aontú/easaontú a chur in iúl. | |
| . Tuiscint ar na comhthéacsanna sóisialta/dioplómáideacha a chothú | Coinníollach a úsáid, m.sh je pourrais + infinid infinid il serait mieux/préfèrable plus utile de + infinid |

1.8 <u>Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:</u>

Mothúcháin agus dearcadh a thuiscint agus a chur in iúl

<u>Spriocanna Teanga</u>

- Dóchas a chur in iúl
- Sástacht a chur in iúl
- Taitneamh, míthaitneamh nó rogha a chur in iúl
- Sásamh, míshásamh nó neamhshuim a chur in iúl
- Iontas nó aiféala a chur in iúl
- Díomá a chur in iúl
- Uafás agus náire a chur in iúl
- Creideamh a chur in iúl
- Díchreideamh a chur in iúl
- Cinnteacht a chur in iúl
- Neamhchinnteacht a chur in iúl

| <u>Scileanna Teanga</u> | <u>Struchtúir agus Gramadach</u> |
|---|---|
| . Dul ó ghearr-ráitis go habairtí iomlána | Uaillbhreasa a úsáid, m.sh <u>sans blague! quelle horreur</u>! |
| . Stór nathanna tráthúla a chnuasach | |
| . Cumas a shaothrú chun raon fairsing mothúchán a chur i gcéill, agus chun gníomhú mar is chóir i suímh éagsúla | Príomhbhriathar + infinid + à/de + inf.<br>m.sh. <u>j'espère y aller</u>; <u>j'aime chanter</u> <u>je suis ravi de vous voir</u> |
| | Fochlásail + táscach/ foshuiteach m.sh. <u>j'espère qu'il viendra; je ne crois pas qu'il soit malade</u> |

I.9 <u>Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:</u>

Comhrá a ionramháil.

<u>Spriocanna Gníomhuithe</u>

- Tús a chur le comhrá
- A iarraidh ar dhuine rud a athrá nó a mhíniú
- Deimhniú gur tuigeadh rud éigin
- A chur in iúl nár tuigeadh rud éigin
- Críoch a chur le comhrá

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| . Mothálacht faoin dóigh le réimeas teanga a láimhsiú | Ceartúsáid na bhforainmneacha pearsanta, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, foirmeacha na n-aidiachtaí agus na mbriathra. |
| . Feasacht faoi oiriúnacht foirmlí chun tús/críoch a chur le comhráití. | m. sh. <u>Vous auriez un moment, svp</u>; <u>je vous dérange</u>? <u>Je dois filer. Allez, au revoir.</u> |
| . Úsáid foirmeacha ceisteacha a fhorbairt. | <u>Pourriez-vous répéter/expliquer, svp</u> |
| . Céimeanna tuisceana a cháiliú. | Dobhriathra cáilithe m.sh. <u>je n'ai pas tout à fait compris</u> |

I.10 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Páirt a ghlacadh i ndíospóireacht

Spriocanna Gníomhuithe:

- Tuairim a chur in iúl
- A rá go bhfuil rud éigin fíor nó falsa
- Deimhniú go bhfuil rud éigin fíor nó falsa
- Bheith daingean dobhogtha i dtuairim go bhfuil rud éigin fíor nó falsa
- Séanadh
- Bréagnú
- Taobh amháin den argóint a ghlacadh
- Comhréiteach a shocrú
- Pointí argóna a eagrú
- Críoch a chur le díospóireacht

| Scileanna Teanga | Struchtúir agus Gramadach |
|---|---|
| · Máistreacht ar struchtúir a chuireann aontú/easaontú deimhnitheacht/amhras/ cruthú cirt in iúl | Fochlásail a úsáid, m.sh je suis persuadé/convaincu que ..... je maintiens .... parce que je doute que + foshuiteach |
| · Mionbhríonna teanga chun fonn réitigh nó sceipteachas a chur in iúl | m.sh. il se peut que + táscach/foshuiteach j'accepte ce que vous dites, mais ..... oui, mais..... cependant.... toutefois tu crois?, agus mar sin |
| · Coimriú ar ábhar | Caint indíreach, m.sh. il/elle a dit/estimé que.... |
| · Clásail chodarsnachta | m.sh. par contre; d'une part... d'autre part; d'un côté.... de l'autre |

1.11 <u>Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:</u>

Teachtaireachtaí a sheachadadh

<u>Spriocanne Gníomhúithe</u>

- Tairiscint a dhéanamh teachtaireacht a ghlacadh
- Teachtaireacht a thabhairt do dhuine éigin
- A thaispeáint cé uaidh an teachtaireacht
- A thaispeáint cé chomh tábhachtach agus cé chomh práinneach atá an teachtaireacht
- Déileáil le teachtaireachtaí in inneall freagartha

| <u>Scileanna Teanga</u> | <u>Struchtúir agus Gramadach</u> |
| --- | --- |
| . Ábhar teachtaireachta a insint | Caint díreach/indíreach a úsáid, m.sh. <u>Martine a raté le bus. Elle vient demain</u>. <u>Martine a dit qu'elle arrive(ra) demain</u>. |
| . Céimeanna práinne a chur in iúl | Nathanna ama agus práinne, m.sh. le plus tôt possible/ demain matin/dans une heure |
| . Foirmeacha teanga a chlaochlú trí theachtaireacht a iomlánú. | Foirmeacha teanga a ionramháil |

## II <u>F E A S A C H T   T E A N G A</u>

II.1 <u>Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:</u>

Foghlaim faoi theanga ó ábhar sa sprioctheanga

<u>Spriocanna Gníomhuithe:</u>

- Tuiscint a fháil ar phríomh-eilimintí ábhair de chuid na sprioctheanga (ailt nuachtáin, tréimhseacháin agus eile) a bhfuil baint acu le topaicí teanga, <u>mar shampla:</u>
  - teanga mar théama sóisialta, réigiúnach, oideachais
  - athruithe i dteanga agus in úsáid teanga (focail nua, athruithe sa litriú, tionchair iasachta, agus eile).
  - Téacsanna liteartha sa sprioctheanga a fhionnachtain mar fhoinsí eolais teangeolaíochta nó ábhar léirithe.

II.2 <u>Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama</u>

Brí a fhionnachtain

<u>Spriocanna Gníomhuithe:</u>

- Na príomhphointí a phiocadh amach as giota labhartha nó as téacs scríofa sa sprioctheanga.
- Na himpleachtaí i ráitis ó bhéal nó i dtéacs scríofa sa sprioctheanga a aithint.
- Tomhas críonna a dhéanamh faoin mbrí atá le foirmeacha sa sprioctheanga le cúnamh foirmeacha gaolmhara sa sprioctheanga agus/nó i dteangacha eile (mar shampla ciall ainmfhocail a mhíniú le cabhair briathair ghaolmhair).
- Oibriú na sprioctheanga a chuardach tri imeachtaí mar seo:

- Abairtí sa sprioctheanga, agus ciall leo, a chur le chéile as manglam focal, frásaí, clásail as an sprioctheanga.

- Giotaí gearra sa sprioctheanga, a bhfuil ciall agus loighic leo, a chumadh as manglam abairtí nó as abairtí mantacha sa sprioctheanga.

II.3 <u>Gníomhaíocht Ghineáralta/Téama</u>:
An ceangal idir teanga agus dearcadh

<u>Spriocanna Gníomhuithe:</u>

- "Blas" ginearálta (m.sh. íorónta, soibealta, feargach) téacs labhartha nó scríofa sa spriocthеanga a aithint ar bhonn foclóra, gramadaí, tuine agus poncaíochta.

- Dearcadh a shonrú (m.sh. criticiúil, tacúil, taobhach, cáinteach) ón gcaoi a n-úsáideann cainteoir nó scríbhneoir an teanga.

II.4 <u>Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:</u>
Labhairt agus scríobh faoi do thaithí leis an spriocthеanga.

<u>Spriocanna Gníomhuithe/Téama:</u>

- Gnéithe de do thaithí leis an spriocthеanga a phlé, <u>mar shampla:</u>

  - cén fhad atá tú á foghlaim
  - cá raibh tú á foghlaim
  - buntáistí lena foghlaim ó tharla í bheith in úsáid san Eoraip agus sa domhan
  - na gnéithe den teanga atá fuirist agus deacair, dar leat
  - na rudaí is maith leat agus nach maith leat faoin gcaoi a bhfuil tú á foghlaim.

- Cur siós agus trácht a dhéanamh ar bhealaí ar bith ar éirigh leat ar do chonlán féin próiseas foghlama na spriocthеanga a thapú.

- Cur síos ar bhealaí ar bith a raibh tionchar ag foghlaim na spriocthеanga ar do shaol faoi láthair (ar nós cairde, taitneamh a bhaint as leabhair, scannáin, ceol agus eile, dearcadh i leith cultúir eile) agus ar do sheansanna sa todhchaí (m.sh. taisteal, deiseanna gairme, teangacha eile a fhoghlaim).

II.5 <u>Gníomhaíocht Ghineárálta/Téama:</u>

Foinsí tagartha (m.sh. foclóirí agus leabhair ghramadaí) a bhreithniú d'fhonn pointí foclóra agus gramadaí sa sprioctheanga a chinntiú.

<u>Spriocanna Gníomhuithe:</u>

- Focail a úsáid go beacht cruinn le cabhair foclóirí.
- Foghlaim conas téarmaíocht shimplí ghramadúil sa sprioctheanga a bharraíocht.
- Foirmeacha na sprioctheanga a úsáid go cruinn ar bhonn na míniúchán i leabhair ghramadaí atá scríofa i mBéarla, i nGaeilge nó sa sprioctheanga.

## III FEASACHT CHULTÚIR

III.1 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Foghlaim sa sprioctheanga faoin gcultúr freacnairc a bhfuil baint aige leis an sprioctheanga.

Spriocanna Gníomhuithe:

- Tuiscint a fháil ar phríomh-eilimintí ábhair sa sprioctheanga (go háirithe ailt as nuachtáin agus tréimhseacháin, ábhar éisteachta agus téacsanna liteartha) faoi ghnéithe nua-aimseartha phobail na sprioctheanga, mar shampla
  - imeachtaí laethúla (siopadóireacht, dul go dtí an láthair oibre, ithe agus ól, agus a leithéid).
  - nósanna agus traidisiúin
  - na healaíona agus siamsaícoht
  - scóip agus tionchar na n-ollmheán cumarsáide

III.2 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Téacsanna liteartha nua-aimseartha sa sprioctheanga (go háirithe úrscéalta, gearrscéalta, dánta, drámaí nó sleachta astu) a léamh.

Spriocanna Gníomhuithe:

- Tuiscint a fháil ar na príomh-eilimintí den bhrí is éadoimhne i dtéacs liteartha nua-aimseartha sa sprioctheanga.
- An bhrí a bheadh ina leithéid de théacs, ach gan í bheith léirithe go follasach, a aithint.
- An "blas" a bheadh ar a leithéid de théacs a aithint.

III.3 Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:

Cuntas agus díospóireacht faoin saol laethúil i bpobal sa sprioctheanga.

Spriocanna Gníomhuithe

- Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an gnáthshaol laethúil in Éirinn

agus an gnáthshaol laethúil i gceann de na pobail ina labhraítear an sprioctheanga, ag tagairt go háirithe do <u>phointí mar seo a leanas:</u>

- cá gcónaíonn daoine
- an sórt oideachais atá ag na daoine
- an saghas oibre a dhéanann na daoine
- an tuarastal a thuilleann daoine i bpoist éagsúla
- an méid laethanta saoire a bhíonn ag daoine agus an chaoi a gcaitheann siad iad
- mar a chaitheann daoine a gcuid saorama de ghnáth
- na córacha taisil atá ar fáil
- an saghas áiseanna is mian le daoine bheith ar fáil dóibh sna cathracha, sna bailte agus sna sráidbhailte
- an saghas bia agus dí a chaitheann daoine, cá háit agus cathain
- an cineál siopaí atá ar fáil
- an cineál seirbhísí poiblí atá ar fáil (m.sh scoileanna, ospidéil, poill snámha)
- na gnéithe den iomshaol nádúrtha is mó a bhíonn i gceist i gcomhrá agus/nó a bhíonn tábhachtach maidir le cúrsai oibre agus caitheamh aimsire

- Ag tagairt do na réimsí saoil thuas, na buntáistí agus na míbhuntáistí a ghabhann leis an modh maireachtála in Éirinn agus i bpobal sprioctheanga a chíoradh.

- Na difríochfaí, i ngnáthchúrsaí an lae, idir iompar daoine in Éirinn agus iompar daoine i bpobal na sprioctheanga, a bhféadfadh míthuiscint, náire nó masla teacht díobh, a aithint.

- Steiréitíopaí náisiúnta a scrúdú go criticiúil.

III.4 <u>Gníomhaíocht/Ghinearálta/Téama:</u>

Gnéithe den chaidreamh idir phobal na sprioctheanga agus Éirinn a thuiscint, a mhíniú agus a phlé.

<u>Spriocanna Gníomhuithe:</u>

- Cuntas ginearálta a thabhairt ar na ceangail idir phobal sprioctheanga agus Éire (m.sh. comhbhallraíocht san Aontas Eorpach, ceangail liteartha, turasóireacht, cúrsaí spóirt, agus eile).

- An maith an rud d'Éirinn na ceangail idir í agus an pobal úd a choinneáil nó a fhorbairt nó a athrú? Tuairimí pearsanta faoi sin a nochtadh agus a chosaint.

III.5 <u>Gníomhaíocht Ghinearálta/Téama:</u>

Cúrsaí a tharchéimníonn teoireannacha cultúir a thuiscint, a mhíniú agus a phlé i <u>dtéarmaí ginearálta.</u>

<u>Spriocanna Gníomhuithe:</u>

Cúrsaí <u>mar seo</u> a phlé

- cultúr déagóirí
- an ghlúnbhearna
- "siamsaíocht"
- iomshaol agus éiceolaíocht
- comhionannas gnéis agus cine
- mionlaigh eitneacha
- sláinte agus stíl mhaireachtála
- Athrú sa dearcadh ar chaidrimh dhaonna (pósadh, teaghlach, agus eile)
- an diminsiún Eorpach
- an Tríú Domhan

- An chaoi a mbreathnaítear ar na cúrsaí sin in Éirinn agus i bpobal na sprioctheanga

- Tuairimí pearsanta faoi na cúrsaí sin a nochtadh agus a chosaint.

## M E A S Ú N Ú

Bunófar tascanna scrúdúcháin i gcónaí ar ábhar an tsiollabais. Gach aon bhliain roghnóidh na scrúdaitheoirí raon fairsing ionadaíoch eilimintí as an siollabas.

1. Prionsabail Ghinearálta

   Ba chóir d'iarrthóirí bheith ullamh do shuímh agus do thascanna, i dteaglaimí éagsúla, as ábhar an tsiollabais go hiomlán.

   1.2 Na tascanna a chuirfear ar iarrthóirí sna scrudúcháin sa cheithre scil: Éisteacht, Léamh, Labhairt agus Scríobh, beidh bailíocht "fíor-shaoil" acu, nó beidh siad ina n-ullmhúchán do thascanna réalaíocha.

   1.3 Beidh an teanga a úsáidfear sna tascanna éisteachta agus léitheoireachta barrántúil, oiread agus is féidir, agus beidh sí fíor-fhóinteach do na foghlaimeoirí.

   1.4 Bunófar measúnú na gceithre scileanna, go háirithe, ar an gcumas chun brí a thuiscint agus a chur in iúl.

2. Cuspóirí Lárnacha

   Measúnófar na hiarrthóirí uile ar a gcumas:

   (a) a chruthú go dtuigeann siad an sprioctheanga labhartha i bpíosaí gearra agus i bpíosaí níos faide i suímh éagsúla agus i sainréimis éagsúla teanga.

   (b) a chruthú go dtuigeann siad an sprioctheanga scríofa i bpíosaí gearra agus i bpíosaí níos faide i suímh éagsúla agus i sainréimis éagsúla teanga.

   (c) iad féin a chur in iúl sa sprioctheanga go réasúnta líofa agus cruinn, i gcaint agus i scríbhinn, chun cuntas a thabhairt, faisnéis a lorg agus a chur i gcéill, míniú a thabhairt, smaointe, tuairimí agus mothúcháin a nochtadh.

3. Difriú

Tá sé d'aidhm ag an siollabas freastal a dhéanamh ar raon leathan cumais i measc na ndaltaí. Déanfar an measúnú ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Cé gur mar a chéile an siollabas don dá leibhéal, beidh céimeanna éagsúla castachta i gceist maidir leis na spriocanna gníomhuithe. Cuirfear an difriú i bhfeidhm trí:

(a) Dáileadh Marcanna/Ualú Scileanna
De réir mar a bhítear ag gabháil d'fhoghlaim teanga is túisce a thagann forás ar na scileanna glacthachta (éisteacht agus léamh) ná ar na scileanna táirgiúla (labhairt agus scríobh). D'fhonn idirdhealú ó thaobh measúnuithe de a dhéanamh idir an Gnáthleibhéal agus an Ardleibhéal leagfar béim níos mó, trí níos mó de na marcanna atá ar fáil a thabhairt, ar na scileanna glacthachta le chéile sa Ghnáthleibhéal ná ar na scileanna céanna san Ardleibhéal. Dá thoradh sin bronnfar níos mó marcanna ar na scileanna táirgiúla san Ardleibhéal.

Dáileadh Marcanna

| Ardleibhéal | | Gnáthleibhéal | |
|---|---|---|---|
| Labhairt | 25% | Labhairt | 20% |
| Clostuiscint | 20% | Clostuiscint | 25% |
| Léamhthuiscint | 30% | Léamhthuiscint | 40% |
| Scríobh | 25% | Scríobh | 15% |

(b) Critéir Mheasúnuithe
Cuirfear na nithe seo san áireamh:
(i) cumas le brí a thraschur, agus
(ii) céimeanna cruinnis agus oiriúnacht teanga maille leis an raon foclóra agus struchtúr a úsáideadh.

4. Leagan Amach

Déanfaidh an scrúdú cumas an dalta a mheas, maidir leis na pointí seo:

(a) an teanga labhartha a thuiscint

(b) an teanga scríofa a thuiscint
(c) cumarsáid ó bhéal a dhéanamh sa teanga
(d) cumarsáid scríofa a dhéanamh sa teanga

Maidir le gach ceann de na Cuspóirí Measúnuithe seo beidh an teanga agus na tascanna scrúdúcháin bunaithe ar ábhar an tsiollabais.

<u>Measúnú ar an gCumas Labhartha</u>
Is iad seo na gnéithe a bheidh sa mheasúnú ar an teanga labhartha:

(a) comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais; beidh sé do rogha ag na hiarrthóirí, más áil leo é, saothar liteartha a phlé.

(b) ceann amháin de na roghanna seo:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | <u>Tionscadal</u> | tionscadal a shaothraigh an t-iarrthóir, agus a bhfuil baint aige le hábhar an tsiollabais, a phlé |
| (ii) | <u>Sraith Pictiúr</u> | an scéal a insint, pointí a eascraíonn as an scéal a phlé go gairid |

(c) suíomh le rólimirt

Beidh cúig nóiméad déag ag gach iarrthóir

<u>Clostuiscint</u>
Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht le giota téipthaifeadta agus ceisteanna a fhreagairt i mBéarla nó i nGaeilge ar an méid a chuala siad. Beidh orthu a thaispeáint go dtuigeann siad an t-eolas ginearálta agus na sonraí speisialta ó spreagthaigh éistitheacha a eascraíonn as ábhar an tsiollabais, mar shampla, ó chomhráití a chuala siad de thaisme, ó fhógraí poiblí, ó shleachta craolta agus ó fhoinsí eile.

Tuiscint Léitheoireachta

Beifear ag súil go dteaspáinfidh na hiarrthóirí go dtuigeann siad, agus gur féidir leo pointí sain-eolas a bhaint as téacsanna ar nós comharthaí poiblí, biachláir, tráthchláir, irisí, treoirleabhair, litreacha, ailt nuachtáin nó tréimhseacháin, agus saothair liteartha. Ag an Ardleibhéal éileofar caighdeán níos airde. Iarrfar ar na hiarrthóirí leibhéil éagsúla brí a thaiscéaladh laistigh de théacs, agus, chomh maith leis sin, a léiriú go n-aithníonn siad gnéithe áirithe stíle i dtéacs liteartha.

Táirgiú Scríofa

Is éard bheifear á éileamh go speisialta sna tascanna a chuirfear ar na hiarthóirí an sprioctheanga a úsáid chun críche cumarsáide, ar nós mothúcháin agus dearcadh a léiriú, faisnéis a thabhairt agus a lorg, cur síos a dhéanamh, míniú, coimriú, mionchuntas, agus a leithéidí a thabhairt.

6. **<u>Is í an aidhm atá leis an Ardteistiméireacht bunaithe ná:</u>**

- chun a chur ar chumas mac léinn a gcuid acmhainní iomlána a shroichint i dtéarmaí forbairte pearsanta, sóisialta, intleachtúla agus gairmiúla
- mic léinn a ullmhú le haghaidh a ról mar shaoránaigh ghnóthacha agus rannpháirtíochta
- mic léinn a ullmhú le dul isteach san oideachas breise, san oiliúint nó san bhfostaíocht

Cuireann sé oideachas cóir, leathan ar fáil do mhic léinn agus san am céanna tugann sí an chaoi dóibh saineolaíocht éigin a leanúint. Cuirtear siollabais ar raon leathan ábhar ar fáil. Is féidir glacadh le Gnáthleibhéal nó le hArdleibhéal i ngach ábhar Ardteistiméireachta agus ina theannta san tugtar rogha Bonnleibhéil sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge.

Is féidir an toradh a fhaigheann mac léinn san Ardteistiméireacht a úsáid mar áis tofa i gcás oideachais breise, i gcás fostaíochta, i gcás oiliúna nó oideachais níos airde.

7. **<u>An Ardteistiméireacht Fheidhmeach</u>**

Is clár scoite dhá bhliain é an cúrsa seo. Cumadh é le haghaidh na mac léinn sin nach bhfuil ar intinn acu dul ar aghaidh ar an dtoirt chuig an tríú leibhéal nó dóibh siúd nach n-oireann na cláracha Ardteistiméireachta eile dóibh sa mhéid a bhaineann lena riachtanais, lena ndréimeanna agus lena mianaigh.

Déantar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a thógáil thart timpeall trí phríomhghné atá comhghaolmhar agus comhbheann ar a chéile:-

- Gairmullmhúchán
- Gairmoideachas
- Oideachas Ginearálta

Baineann saintréithe an ábhair le taithí oideachasúil bunaithe ar ghné ghníomhach, ar ghné phraiticiúil agus ar ghné atá dírithe ar an mac léinn.

8. <u>An Clár Gairmeach san Ardteistiméireacht</u>

Is í an fheidhm atá leis an gclár seo ná

- spiorad na fiontraíochta agus an tionscnaimh a chothú sna mic léinn
- scileanna idirphearsanta, gairmiúla agus teicneolaíocha na mac léinn a fhorbairt.

Na mic léinn atá ag gabháil don gclár seo, déanann siad staidéar ar chúig ábhar Ardteistiméireachta ar a laghad (ag an Ardleibhéal, ag an nGnáthleibhéal nó ag an mBonnleibhéal) agus orthu siúd tá Gaeilge agus dhá ábhar as grúpaí ar leith d'ábhair